# Ní mhaireann oighre Murchaidh

[Bergin, Osborn: *Irish Bardic Poetry*, Dublin, 1970, poem 51]

1 Ní mhairenn oighre Murchaidh -
mór cumthair dona brégaibh -
dá maradh ní bheith choidhche
lá go n-oidhche inar n-égmais.

2 Ag techt chugainn as uainne
do bhíoth daoine uaisle oile:
ag techt chugainn is chugainn
do bhíoth m’fher cumainn croidhe.

3 Créd dhénuid muinnter Dhálaigh
ón mbás-soin dá ttí an cogadh?
fa meinic laodh mo chroidhe
ós cenn m’fhine dá cosnamh.

4 Fa dhó sa ló dar bféghuin,
an té fa ndénuim osnadh,
do thigedh sé go bádhach
ó Aoibh Rátha go Brosnuigh.

5 Do-chuaidh Diarmuid, mo thruaighe,
fúinne a bhfuaire nár bhrethnuigh:
ní thig sé chugainn choidhche -
acht ocht n-oidhche sa tsechtmhuin.

6 Diarmuid tar éis a éuga,
a fhir dhénta na huaidhe,
ná bi dá chur a ttalmhuin,
ni gar dhó anmhuin uainne.